ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

DRÉACHT

Ráiteas Straitéise

2021-2023

DOICIMÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN

Clár Ábhar

01. Réamhrá leis an gComhairliúchán 2

02. Comhthéacs an Ráitis Straitéise 2021-2023 6

03. Athruithe agus Breisithe Beartaithe 9

04. Dréacht-Ráiteas Straitéise 2021-2023 15

01

Réamhrá leis an gComhairliúchán

Fáilte go dtí an comhairliúchán poiblí ar dhréacht-**Ráiteas Straitéise 2021-2023** Údarás Craolacháin na hÉireann.

Cad é an rud é Ráiteas Straitéise BAI?

Ullmhaíonn BAI Ráiteas Straitéise nua gach trí bliana de réir alt 29 den Acht Craolacháin, 2009. Sonraítear sa Ráiteas seo **Misean, Fís, Luachanna agus Cuspóirí Straitéiseacha** BAI. Aithnítear ann leis na **torthaí a bhfuil súil leo** ó obair BAI in imeacht na tréimhse sin.

Comhairliúchán Poiblí

De réir cheanglais an Achta Craolacháin, 2009 tá BAI anois ag lorg tuairimí ar gach páirtí leasmhar i dtaobh an dréacht-Ráitis Straitéise i gcomhair na tréimhse 2021 go 2023. Iarrtar ar an bpobal agus ar ghrúpaí leasmhara an Doiciméad Comhairliúcháin a léamh agus na ceisteanna atá leagtha síos in Alt 4 a bhreithniú. Beidh an fhaisnéis a bhaileofar le linn an phróisis comhairliúcháin seo ina bonn eolais faoi chinntí críochnaitheacha BAI i dtaobh a mbeidh i Ráiteas Straitéise críochnaitheach BAI 2021-2023. Foilseofar an doiciméad críochnaitheach i mí na Nollag 2020.

Struchtúr an Doiciméid Comhairliúcháin

Tá an doiciméad comhairliúcháin leagtha amach ina cheithre chuid mar seo a leanas:

01 Alt 1: tugtar faisnéis ann ar an bpróiseas Comhairliúcháin Phoiblí.

02 Alt 2: cuirtear an Comhthéacs i gcomhair an Ráitis Straitéise 2021-2023 i láthair.

03 Alt 3: mínítear ann na príomh-athruithe agus na príomhbhreisithe ar an Ráiteas Straitéise 2021-2023 i gcomparáid leis an Ráiteas Straitéise reatha 2017-2019.

04 Alt 4: tá an Dréacht-Ráiteas Straitéise ann agus leagtar amach ann na ceisteanna ar mhaith linn go smaoineofá orthu.

Conas Aighneacht a dhéanamh

Ní mór gach freagra ar an gcomhairliúchán poiblí seo a bheith curtha faoi bhráid BAI faoin **12 meán lae Dé Céadaoin, 11 Samhain 2020.**

Féadfaidh tú do fhreagra a sheoladh de r-phost go dtí **strategy@bai.ie** nó is féidir leat foirm a chomhlánú ar líne ag **https://www.bai.ie/ga/comhairliuchain/**.

Is féidir freagraí poist a chur isteach go dtí:
Comhairliúchán ar an Ráiteas Straitéise,
Údarás Craolacháin na hÉireann,
2 - 5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2
D02XP29.

Aighneachtaí a Fhoilsiú

Déanfaidh BAI na haighneachtaí a gheofar i gcomhair an chomhairliúcháin seo a fhoilsiú ar **https://www.bai.ie/ga/** tar éis an Ráiteas Straitéise críochnaitheach 2021-2023 a fhoilsiú. Cuirfimid d'ainm agus do fhreagra san áireamh, agus beidh an foilsiú sin faoi réir breithniú a bheith déanta ar fhaisnéis a measfar gur faisnéis phearsanta í, gur faisnéis íogair í nó gur faisnéis a tugadh faoi rún í, is rud dá bhforáiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus leis na hAchtanna agus na Rialacháin um Chosaint Sonraí. Ní úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar ach chun an Straitéis nua a fhorbairt agus ní chun aon chríche eile.

Comhlíonfaidh BAI a oibleagáidí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, faoin RGCS agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí. Tá **Beartas Cosanta Sonraí** agus Ráiteas Príobháideachta BAI ar fáil ag **https://www.bai.ie/ga/**.

Saoráil Faisnéise

Gabhann BAI air féin a dhícheall a dhéanamh chun aon fhaisnéis a sholáthróidh tú i d'aighneacht a choinneáil faoi rún faoi réir oibleagáidí BAI faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Má theastaíonn uait nach ndéanfar aon chuid den fhaisnéis a sholáthróidh tú i d'aighneacht a nochtadh mar gheall ar a íogaire atá sí, ba cheart duit, agus an fhaisnéis á soláthar agat, an rud céanna a aithint agus na cúiseanna lena híogaireacht a shonrú. Rachaidh BAI i gcomhairle leat i dtaobh na faisnéise íogaire sin sula ndéanfaidh sé cinneadh ar aon iarratas um Shaoráil Faisnéise a gheofar.

02

Comhthéacs an Ráitis Straitéise 2021-2023

Athbhreithniú - Ráiteas Straitéise 2017-2019:

Cuireadh tús le hobair ar an Dréacht-Ráiteas Straitéise in 2019 nuair a rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Ráitis Straitéise 2017-2019 reatha. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích, is rud a rinne Ipsos MRBI, trí shuirbhé cainníochtúil ar líne i measc grúpaí páirtithe leasmhara i mí na Nollag 2019, le tacaíocht ó cheardlanna cáilíochtúla a rinneadh i Márta 2020 chun tuairimí raon leathan de pháirtithe leasmhara BAI a iniúchadh ar shlí níos fearr. An Tuarascáil a tháinig chun cinn dar teideal '***Ráiteas Straitéise BAI 2017-2019 - Athbhreithniú***' is féidir teacht uirthi **anseo**.

Tugadh chun suntais san athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2017-2019 go rabhthas sásta tríd is tríd le **Fís, Misean agus Luachanna** BAI agus go raibh tuiscint shoiléir orthu. Bhraith na páirtithe leasmhara go raibh leibhéal suntasach gnóthachtála déanta i bhFís BAI agus go raibh baint an-láidir aici le gach ceann de na Spriocanna Misin agus Luachanna BAI.

Bhí 12 cheann de chuspóirí straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise 2017-2019 a eagraíodh de réir cúig théama leathana. Rinne an t-athbhreithniú measúnú ar an méid a measadh a bheith bainte amach ag BAI i gcás gach ceann de na cuspóirí sin agus iarradh ar pháirtithe leasmhara leis ábharthacht agus tábhacht na gcuspóirí sin a rangú don chéad tréimhse trí bliana eile. Mar sin, gabhadh tomhas gnóthachtála agus ábharthachta don todhchaí.

Fócas - Ráiteas Straitéise 2021-2023:

In imeacht na dtrí bliana atá romhainn, measann BAI go dtiocfaidh athruithe lárnacha ar thírdhreach rialála na meán, lena n-áirítear an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) a thrasuí i ndlí na hÉireann, díscaoileadh beartaithe BAI agus a fheidhmeanna a aistriú go dtí Coimisiún Meán nua / rialálaí ábhair dhíobhálaigh ar líne atá le bunú. Beidh an Coimisiún Meán nua freagrach as rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí ar líne tar éis an AVMSD a thrasuí.

Mar sin, beidh an Ráiteas Straitéise nua ina threoir do BAI le linn idirthréimhse agus tréimhse ina dtiocfaidh athrú agus tá an tÚdarás feasach ar an bhféidearthacht nach mairfidh sé na trí bliana san iomlán. Agus a straitéis á forbairt aige, thug an tÚdarás aird leis ar raon de thosca seachtracha eile a mhúnlóidh timpeallacht na meán agus a rachaidh i bhfeidhm ar obair agus stiúir BAI le linn na tréimhse sin. I measc na dtosca sin tá na hionchais atá ag an bpobal ó thaobh na meán de, ionchais atá ag athrú, breis idirghníomhaíochta leis na meáin dhigiteacha, na hathruithe is gá a dhéanamh ar fhreagairtí rialála ar an tionchar atá ag ardáin dhigiteacha agus forbairtí idirnáisiúnta a théann i bhfeidhm ar na meáin agus ar an saol poiblí. Dá bhrí sin, cé go bhfuil an dréacht-Ráiteas Straitéise seo á mhúnlú ag an gcreat reachtach reatha agus ag feidhmeanna agus freagrachtaí gaolmhara BAI, léiríonn sé ina theannta sin an ról a bhfuil súil leis ag an BAI maidir le hathrú a threorú agus tionchar a imirt air agus é féin a athrú mar eagraíocht lena chomhtháthú sa Choimisiún Meán nua.

Bhí an fócas sin agus an t-athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2017-2019 ina mbonn eolais faoi thograí an Údaráis maidir lena mbeidh sa dréacht-Ráiteas Straitéise 2021-2023. Déantar athruithe agus breisithe beartaithe ar Ráiteas Straitéise 2021-2023 a mhíniú in Alt 3 thíos. Mar eolas agus chun comparáid a dhéanamh, is féidir *Ráiteas Straitéise reatha 2017-2019* a fháil anseo: **https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-strateise/**.

03

Athruithe agus Breisithe Beartaithe

3.1 Fís, Misean agus Luachanna

Coinnítear i *ndréacht-Ráiteas Straitéise 2021-2023* Fís, Misean agus Luachanna BAI a cuireadh in iúl i Ráiteas Straitéise 2017-2019.

Leagtar amach i **bhFís** BAI arb éard í '**Tírdhreach meán na hÉireann a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé sinn féin**' fís BAI don todhchaí a bhfuil sé ag iarraidh cabhrú lena cruthú. Léirigh an t-athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2017-2019 gur bhraith páirtithe leasmhara go raibh cuid mhór den fhís sin bainte amach. Ní raibh baint shonrach ag an bhFís sin le fráma ama na Straitéise roimhe sin 2017-2019 ach is sprioc deiridh bhuanseasmhach fós í i gcomhthráth leis an athrú leanúnach atá ag teacht ar ár sochaí agus ar na meáin.

Tá Ráiteas **Misin** BAI roinnte ina thrí ghné faoi leith a chuimsíonn rialáil agus tacaíocht don chraoltóireacht in Éirinn, don iolrachas agus don éagsúlacht sna meáin Éireannacha agus in ábhar Éireannach. Míníonn na haidhmeanna sin cad é a dhéanfaidh BAI i gcaitheamh thréimhse na Straitéise chun a Fhís a bhaint amach. Rinneadh san athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2017-2019 tomhas ar an ábharthacht a braitheadh a bheith ag na cuspóirí sin ó thaobh na tréimhse trí bliana atá le teacht agus braitheadh go raibh ábharthacht níos mó nó comhionann ag baint leis na haidhmeanna go léir.

Tá **ceithre cinn de Chroíluachanna** luaite sa *dréachtráiteas Straitéise 2021-2023*. Tá na luachanna sin mar bhonn agus taca le cultúr eagraíochtúil BAI agus is bonn eolais iad faoi gach gníomhaíocht oibríochta. San athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2017-2019, bhraith páirtithe leasmhara go raibh ceangal an-láidir acu leis na Luachanna sin.

3.2 Téamaí Straitéiseacha

Aithnítear i Ráiteas Straitéise BAI 2021-2023 cúig cinn de Théamaí Straitéiseacha leathana:

01 An Éagsúlacht agus an Iolarthdacht a Chur chun Cinn

02 Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach

03 Ceannaireacht le linn Athrú

04 An Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumhachtú

05 An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú

Sainaithnítear sna Téamaí Straitéiseacha agus ina gcuspóirí gaolmhara cá háit a ndíreoidh BAI a chuid oibre agus a chuid díograise i gcaitheamh na tréimhse trí bliana atá romhainn. Ar an iomlán, níor cuireadh isteach ach **aon Téama nua amháin '*Ceannaireacht le linn Athrú*'** in ionad an Téama Straitéisigh reatha '*Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt*'. Níl aon athrú déanta ar na téamaí eile. Léiríonn an leanúnachas ginearálta sin tuairimí pháirtithe leasmhara uile BAI go bhfuil na téamaí sin agus a gcuspóirí gaolmhara fós tábhachtach agus ábhartha don tréimhse chéad tréimhse trí bliana eile atá romhainn, agus gur mian leis na páirtithe leasmhara go léir go gcuirfidh BAI lena chuid oibre agus lena bhfuil bainte amach aige go dtí seo ar fud na réimsí sin.

3.3 Cuspóirí agus Torthaí Straitéiseacha

Faoi gach ceann de na cúig théama, moltar sraith de **Chuspóirí Straitéiseacha** ardleibhéil chomh maith leis na **Torthaí beartaithe** in imeacht thréimhse na Straitéise 2021-2023.

Ina theannta sin, foilseoidh BAI **Táscairí Feidhmíochta** intomhaiste i leith gach toraidh atá beartaithe. Tabharfaidh na táscairí sin tuiscint níos fearr dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal ar an raon leathan agus ar an gcineál **gníomhaíochtaí** a dhéanfaidh BAI chun tacú le baint amach na dtorthaí beartaithe. Lena chois sin, beidh cinnteacht i dtaobh a mbainte amach.

01 An Éagsúlacht agus an Iolarthacht a Chur Chun Cinn

TÉAMA 1 Aithnítear in '***An Éagsúlacht agus an Iolarthacht*** a Chur Chun Cinn' **ceithre** cinn de Chuspóirí a thugann aghaidh ar an iolarthacht agus an éagsúlacht i meáin na hÉireann agus ábhar atá iomchuí ó thaobh chultúr na hÉireann agus ábhar Gaeilge a tháirgeadh agus a bheith ar fáil do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann. D'éirigh le BAI feidhmíocht réasúnta láidir a bhaint amach ar fud na gcuspóirí sin go léir san athbhreithniú i measc páirtithe leasmhara agus braitheadh ina theannta sin go mbeadh ábharthacht níos mó ag roinnt leo i leith na tréimhse trí bliana atá romhainn. Mar sin coinnítear na cuspóirí sin sa *dréacht-Ráiteas Straitéise 2021-2023*. Athraíodh an chéad Toradh chun go léireofaí an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus cothú na muiníne san iriseorachta. Seachas sin, níl aon athrú déanta ar na torthaí eile ó Ráiteas Straitéise 2017-2019.

Faoin Téama seo, áireofar ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhthacaíochtaí BAI taighde a dhéanamh ar na meáin agus ar an lucht féachana agus éisteachta, tuarascálacha ar úinéireacht na meán a fhoilsiú, pleananna ceadúnúcháin, oibriú na Scéime Maoinithe Craolacháin Fuaim agus Fís agus na Scéime um Chartlannú agus Pleananna Gníomhaíochta Éagsúlachta faoi leith.

02 Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach

TÉAMA 2 Aithnítear in '***Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach***' **ceithre** Chuspóir ina léirítear ról lárnach agus feidhmeanna lárnacha BAI mar rialálaí.

Níl aon athrú déanta ar an gcéad chuspóir ó Ráiteas Straitéise 2017-2019. Tá nuashonrú déanta ar dhá **chuspóir nua** maidir le tiomantas na heagraíochta

i leith an dea-rialachais agus an dea-chleachtais inbhuanaithe. Soiléiríonn na hathraithe seo go bhfuil cur chuige BAI á stiúradh go lárnach ag 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in Éirinn. Cuimsíonn na cuspóirí seo leis an dualgas atá ar BAI i leith na hearnála poiblí chun a chinntiú go gcuirtear i ngníomh prionsabail an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Fágann an **ceathrú cuspóir nua** go bhfuil BAI tiomanta d'athbhreithniú agus d'fheabhsú a dhéanamh ar chleachtais rialála chun an t-ualach rialála a laghdú agus go dtiocfaidh Toradh i bhfad na haimsire dá bharr sin go mbeidh an rialáil comhréireach agus go bhfónfaidh sí do leas an phobail.

Faoin Téama sin, áireofar ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhghníomhartha BAI pleananna um chomhlíonadh a fhorbairt agus a chur i ngníomh, tuarascálacha ar chraoltóirí a chomhlíonadh Chóid agus Rialacha BAI, Pleananna Gníomhaíochta a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a fhorbairt agus an dualgas atá ar BAI i leith na hearnála poiblí, Líonra Inbhuanaitheachta an earnáil closamhairc, BAI a chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus Ráiteas BAI i dtaobh an t-ualach rialála a laghdú.

03 Ceannaireacht le linn Athrú

TÉAMA 3 Téama nua is ea '***Ceannaireacht le linn Athrú***' agus cuirtear é in ionad Téama 3 '*Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt*' ó Ráiteas Straitéise 2017-2019. Tá gnéithe inmheánacha agus seachtracha araon sa Téama sin **agus tá trí chuspóir nua ar áireamh ann**. Cuireann an chéad chuspóir BAI in áit go bhféadfaidh sé díospóireacht a threorú agus tionchar a imirt ar fhorbairt polasaí maidir leis an gcreat reachtach agus rialála amach anseo do sheirbhísí meán digiteach. Ceanglaítear leis an dara cuspóir ar BAI freagairt agus dul in oiriúint d'fhorbairtí sa timpeallacht níos leithne, agus iarmhairtí ar an eagraíocht, earnáil agus lucht spéise a thuar agus a mheasúnu agus tugann an tríú ceann aghaidh ar an riachtanas chun an eagraíocht agus na hacmhainní a chlaochlú lena gcomhtháthú sa Choimisiún Meán nua.

Faoin Téama seo, áireofar ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhghníomhartha BAI plean gníomhaíochta cumarsáide AVMSD bliantúil, plean um rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, Taighde a dhéanamh ar an Lucht Féachana agus Éisteachta a bheidh nasctha leis an éiceachóras rialála meán nua, tuarascálacha ar fhorbairt beartais um meáin na hEorpa agus rannpháirtíocht sa chéanna agus tionscnaimh oiliúna agus forbartha inmheánaí a bheidh dírithe ar chleachtais bainistíochta ar athrú.

04 An Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumhachtú

Faoi **THÉAMA 4** '***An Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumhachtú***' tá BAI chun tosaigh ó thaobh an litearthacht sna meáin agus taighde ar na meáin a chur chun cinn. I Ráiteas Straitéise 2017-2019, d'aithin an Téama seo aon chuspóir amháin - *tuiscint, rannpháirtíocht agus páirteachas an phobail i dtírdhreach atá ag teacht chun cinn a fhorbairt*. Léiríonn **cuspóir** nua breise tiomantas BAI maidir le faisnéis a sholáthar agus ról rannpháirtíochta níos mó dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal inár bpróisis rialála, go háirithe cóid, rialacha agus beartais a fhorbairt agus a athbhreithniú.

Faoin Téama seo, áireofar ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhghníomhartha BAI tacaíocht leanúnach a thabhairt do thionscnaimh, tuarascálacha agus taighde de chuid Tuiscint ar na Meáin, Éire, comhairliúcháin phoiblí, próiseas gearán BAI agus Scéim Foilsiúcháin BAI.

05 An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú

Aithnitear faoi **THÉAMA 5** '***An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú***' **dhá** chuspóir a thugann aghaidh ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht in earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann, agus ar cheist na hinbhuanaitheachta d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann, in imthosca ina dtuartar go leanfaidh na dúshláin a bhaineann le patrúin athraitheacha i dtomhaltas na meán, leis an athrú ar an teicneolaíocht, le breis iomaíochta agus le laghdú a bheith ag teacht ar an ioncam ón bhfógraíocht.

Cinntítear leis an **gcéad chuspóir** agus leis an Toradh gaolmhar go mbeidh an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ina bpríomhfhócas i Scéimeanna Maoinithe Craolacháin agus forbartha earnála BAI. Léiríonn **an dara cuspóir** agus an Toradh a ghabhann leis tiomantas BAI do bheith ag tacú le hinbhuanaitheacht fheabhsaithe a bhaint amach d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann.

Faoin Téama seo, áireofar ar phríomhthacaíochtaí agus príomhghníomhaíochtaí BAI scéimeanna Maoinithe Craolacháin agus forbartha earnála BAI, comhthionscnaimh de chuid BAI agus an tionscail agus tuarascálacha ar an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht mar ghnéithe den chraolachán seirbhíse poiblí in Éirinn.

04

Dréacht-Ráiteas Straitéise 2021-2023

Tugtar breac-chuntas san alt seo ar ábhar an dréacht-*Ráitis Straitéise 2021-2023*. Tá an struchtúr cosúil le Ráitis roimhe seo i.e. Fís, Misean, Luachanna, Téamaí Straitéiseacha, Cuspóirí Straitéiseacha agus Torthaí Straitéiseacha. Beidh Táscairí Feidhmíochta samplacha leis ar áireamh sa Ráiteas Straitéise críochnaitheach.

Tugtar breac-chuntas in **Alt 4.1** ar **Fhís, Misean agus Luachanna BAI**. Mar a luadh thuas, tá siad sin tugtha ar aghaidh ó Ráiteas Straitéise 2017-2019 agus níl aon athruithe beartaithe. Tá dhá cheist san alt seo ar mhaith linn go ndéanfá machnamh orthu agus freagra a thabhairt orthu.

Tugtar breac-chuntas in **alt 4.2** ar na **dréacht-Téamaí Straitéiseacha, na dréacht-Chuspóirí Straitéiseacha** agus na dréacht-Torthaí Straitéiseacha agus cuirtear iad seo i láthair i bhfoirm tháblach ionas gur féidir na naisc eatarthu a aithint go héasca. Faoi gach Téama, tá dhá cheist ar mhaith linn go ndéanfá machnamh orthu agus freagra a thabhairt orthu.

4.1 Fís, Misean agus Luachanna BAI

San alt seo leagtar amach an dréacht-Fhís, an dréacht-Mhisean agus na dréacht-Luachanna don Ráiteas Straitéise nua.

Fís BAI

Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn.

Misean BAI

Tá an Misean roinnte ina thrí eilimint faoi leith mar seo a leanas:

i. An craolachán a rialáil, a chothú agus tacú leis ar mhaithe le leas an phobail

ii. Iolrachas guthanna, dearcaí, asraonta agus foinsí a chur chun cinn i meáin na hÉireann

iii. Ábhar ardchaighdeáin ilghnéitheach agus atá iomchuí ó thaobh an chultúir de a chothú do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann

Luachanna B

Seo iad na luachanna tosaíochta atá mar bhonn agus taca le cinnteoireacht agus oibríochtaí BAI agus atá ina mbunchloch dá chultúr eagraíochtúil. Táimidne:

- **Cothrom** - inár bpróisis, inár nósanna imeachta agus inár gcinntí.
- **Neamhspleách** - oibrímid mar rialálaí neamhchlaonta.
- **Inár Saineolaithe** -trí eolas a fháil dúinn féin trí rannpháirtíocht, taighde agus tiomantas don fhoghlaim ghairmiúil.
- **Cuntasach** - inár gcinntí, inár rialachas, agus inár cuid acmhainní.

Ceisteanna I Gcomhair an Chomhairliúcháin

1. Cad é do thuairim ar an **bhFís, an Misean agus na Luachanna** atá beartaithe?
2. An bhfuil aon **athruithe nó breisithe faoi leith** ba cheart a bhreithniú, agus má tá, mínigh do smaointeoireacht ina leith sin?

4.2 Téamaí, Cuspóirí agus Torthaí BAI

01 An Éagsúlacht agus an Iolarthdacht a Chur chun Cinn

Cuspóirí Straitéiseacha	Torthaí
1. Éascaíocht a dhéanamh do mheascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin fuaime agus closamhairc a fheabhsaíonn an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.	Tá an meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí ábhair nuachta agus cúrsaí reatha láidir agus déantar muinín san iriseoireacht a chothú agus a chaomhnú.
2. Méadú a dhéanamh ar tháirgeadh agus infhaighteacht ábhair iomchuí fuaime agus closamhairc do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann.	Tá méadú tagtha ar raon agus foinsí an ábhair fuaime agus closamhairc atá iomchuí ó thaobh an chultúir de, lena n-áirítear ábhar sa Ghaeilge, atá ar fáil don lucht féachana agus éisteachta.
3. Tírdhreach meán a chothú a léireoidh éagsúlacht shochaí na hÉireann agus is inrochtana ag an gcéanna.	Tá meáin fuaime agus closamhairc na hÉireann níos éagsúla ó thaobh a n-ábhar de agus ó thaobh na ndaoine a bhfuil baint acu lena dtáirgeadh.
4. Cláir ardchaighdeáin sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn.	

Ceisteanna I Dtaobh An Chomhairliúcháin

1. Cad é do thuairim ar **na Téamaí Straitéiseacha, na Cuspóirí Straitéiseacha agus na Torthaí beartaithe atá á moladh?**
2. An bhfuil aon **athruithe nó breisithe faoi leith** ba cheart a bhreithniú, agus má tá, mínigh do smaointeoireacht ina leith sin?

02 Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach

Cuspóirí Straitéiseacha	Torthaí
1. Rialáil a dhéanamh chun earnáil craolacháin fhreagrach chuntasach a bhaint amach.	Is rialálaí iontaofa é BAI dar leis na páirtithe leasmhara go léir. Léiríonn an earnáil craolacháin cuntasacht agus freagracht láidir.
2. Ceannaireacht a léiriú trí ardchaighdeáin chleachtais chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a shamhaltú agus a chur chun cinn i gcomhréir le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFI).	Tá cleachtais agus sásraí tuairiscithe trédhearcacha bunaithe ag BAI a léiríonn rannpháirtíocht ard ag BAI le SFI na Náisiún Aontaithe. Chuidigh an BAI leis an earnáil craolacháin chun Líonra Inbhuanaitheachta a fhorbairt a léiríonn feasacht agus rannpháirtíocht fhónta sa chleachtas maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe.
3. Ceannaireacht a léiriú trí ardchaighdeáin chleachtais rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn i gcomhréir le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (CCCSR).	Tá cleachtais agus sásraí tuairiscithe trédhearcacha bunaithe ag BAI a léiríonn léibhéal ard comhlíonta ag an BAI leis an CCCSR.
4. Cleachtais rialála a fheabhsú chun an t-ualach rialála a laghdú.	Tá an rialáil comhréireach agus fónann sí do leas an phobail.

Ceisteanna I Dtaobh An Chomhairliúcháin

1. Cad é do thuairim ar **na Téamaí Straitéiseacha, na Cuspóirí Straitéiseacha agus na Torthaí beartaithe atá á moladh?**
2. An bhfuil aon **athruithe nó breisithe faoi leith** ba cheart a bhreithniú, agus má tá, mínigh do smaointeoireacht ina leith sin?

03 Ceannaireacht le linn Athrú

Cuspóirí Straitéiseacha	Torthaí
1. Díospóireacht a threorú agust tionchar a imirt ar fhorbairt polasaí maidir leis an gcreat reachtach agus rialála amach anseo do sheirbhísí meán digiteach.	Úsáideann an BAI a chuid eolais agus saineolais le linn dó bheith ag comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an córas rialála amach anseo d'ardáin ar líne a fhorbairt agus chun a bheartais meán digiteach a athrú chun freastal ar riachtanais an lucht féachana, éisteachta agus an úsáideora. Measann páirtithe leasmhara gur glór eolasach, údarásach agus ceannasach é BAI maidir le rialáil na meán de.
2. Freagairt agus dul in oiriúint d'fhorbairtí sa timpeallacht níos leithne, agus iarmhairtí ar an eagraíocht, earnáil agus lucht spéise a thuar agus a mheasúnu.	Tá páirtithe leasmhara BAI muiníneach go bhfaighidh siad freagraí rialála a bheidh tráthúil agus comhréireach.
3. Forbairt, beartais, cleachtais agus próisis BAI a threorú agus a mhúnlú mar ullmhúchán dá chomhtháthú sa Choimisiún Meán nua.	Tá cultúr láidir ceannaireachta, foghlama agus feidhmíochta ag BAI mar aon le lucht saothair lúfar, spreagtha agus eolasach a thacóidh le BAI chun é a chomhtháthú go hiomlán sa Choimisiún Meán nua.

Ceisteanna I Dtaobh An Chomhairliúcháin

1. Cad é do thuairim ar **na Téamaí Straitéiseacha, na Cuspóirí Straitéiseacha agus na Torthaí beartaithe atá á moladh?**
2. An bhfuil aon **athruithe nó breisithe faoi leith** ba cheart a bhreithniú, agus má tá, mínigh do smaointeoireacht ina leith sin?

04 An Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumhachtú

Cuspóirí Straitéiseacha	Torthaí
1. An tuiscint, an rannpháirtíocht agus an páirteachas atá ag an bpobal i dtírdhreach na meán a fhorbairt.	Tá baint níos mó ag an lucht féachana agus éisteachta in Éirinn le hábhar fuaime agus closamhairc agus rannpháirtíocht níos mó acu leis an gcéanna.
2. An pobal agus páirtithe leasmhara BAI a chur ar an eolas agus caidreamh a dhéanamh leo ar an athbhreithniú agus ar an athmheas (de réir mar is cuí) ar Chóid, Rialacha agus Beartais BAI.	Tá eolas níos fearr ag an bpobal ar chóid agus rialacha BAI, agus na luachanna atá mar bhonn leo. Tá breis rannpháirtíochta ag an bpobal i bpróisis rialála an BAI.

Ceisteanna I Dtaobh An Chomhairliúcháin

1. Cad é do thuairim ar **na Téamaí Straitéiseacha, na Cuspóirí Straitéiseacha agus na Torthaí beartaithe atá á moladh?**
2. An bhfuil aon **athruithe nó breisithe faoi leith** ba cheart a bhreithniú, agus má tá, mínigh do smaointeoireacht ina leith sin?

05 An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú

Cuspóirí Straitéiseacha	Torthaí
1. An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe sainiúla d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann.	Tá an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ina bhfócas do ghníomhaíochtaí tacaíochta earnála BAI (lena n-áirítear an Scéim Maoinithe Craolacháin agus Forbairt Earnála BAI).
2. Tacú le hinbhuanaitheacht fheabhsaithe a bhaint amach d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann.	Tá inbhuanaitheacht na n-earnálacha fuaime agus closamhairc in Éirinn feabhsaithe ag tionscnaimh de chuid BAI sa réimse seo.

Ceisteanna I Dtaobh An Chomhairliúcháin

1. Cad é do thuairim ar **na Téamaí Straitéiseacha, na Cuspóirí Straitéiseacha agus na Torthaí beartaithe atá á moladh?**
2. An bhfuil aon **athruithe nó breisithe faoi leith** ba cheart a bhreithniú, agus má tá, mínigh do smaointeoireacht ina leith sin?

Go raibh maith agat

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Broadcasting Authority of Ireland
2-5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath, D02XP29

353 1 644 1200
info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets

Wonder Works a dhear